



Imlitir 0036/2013

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Choistí Gairmoideachais / Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Forfheidhmiú ar leasuithe pá agus ar bhearta ábhartha faoi réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013 (Uimhir 18 de 2013) agus Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington) maidir leis an bhFoireann uile seachas Múinteoirí agus CRSanna fostaithe ag CGOanna / BOOanna.

1. Réamhrá:

Tá ordú agam ón Aire Oideachais agus Scileanna na treoracha seo a leanas a chur in iúl do Choistí Gairmoideachais / Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le forfheidhmiú ar leasuithe pá agus ar bhearta ábhartha le feidhm ó 1 Iúil 2013 faoi réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 (“an tAcht”) agus forálacha cuí Chomhaontú Bhóthar Haddington.

Tá foráil i dtéarmaí an Achta go gcuirtear na bearta sa reachtaíocht sin i bhfeidhm gan leasú don fhoireann sin atá i ngrád nach gclúdaítear ag Comhaontú Comhchoiteann cláraithe, i.e. Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington). Sa chleachtas, ciallaíonn sé seo maidir leis an bhfoireann sna gráid sin, go gcuirfear gluaiseacht incriminteach ar fionraí ar feadh trí bliana ó 1 Iúil 2013 go dtí 30 Meitheamh 2016. Tá an fhoireann sna gráid seo faoi réir ag na laghduithe tuarastail a shonraítear i gCuid 3 den Imlitir seo. Ina theannta sin, ní bhainfidh an fhoireann sna gráid seo tairbhe as an meicníocht um athchur pá mar a shonraítear in alt 7.1 den Imlitir seo.

Ba chóir a nótáil freisin go n-eisítear an Imlitir seo gan dochar do bhearta eile a fhéadfar a ghlacadh ag eascairt as Alt 2B den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013.

2. Aicmí lena mbaineann:

Baineann an imlitir seo leis na fostaithe uile seachas Múinteoirí agus CRSanna fostaithe i CGOanna / BOOanna. Eiseofar Imlitreacha ar leithligh maidir le Múinteoirí agus CRSanna araon.

3. Leasuithe ar phá d’fhostaithe le tuarastail bhliantúla €65,000 nó níos airde lena n-áirítear liúntais i nádúr pá, i.e. liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla:

Nóta: Glactar leis gurb é is ciall le gach tagairt do thuarastal nó do thuarastail san imlitir seo amach anseo ná thuarastal nó thuarastail a áiríonn liúntais i nádúr pá atá ina liúntais inphinsin seasta

tréimhsiúla, nuair is liúntas é liúntas inphinsin seasta tréimhsiúil é le suim sheasta, atá incháinithe agus inphinsin, nach n-íoctar é maidir le costas a tabhadh, nach n-íoctar é mar chéatadán de bhunphá, agus nach bhfuil sé ag brath ar an gcineál oibre nó ar mhéid na hoibre a dhéantar, mar shampla, ag deireadh seachtaine nó sna hoícheanta.

3.1 Chun pá a ríomh d'fhonn an laghdú pá a chur i bhfeidhm orthu siúd atá ag fáil luacha saothair bliantúlaithe €65,000 ní níos mó, ba chóir liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla a chur le bunphá agus an laghdú cuí a chur i bhfeidhm, le feidhm ó 1 Iúil 2013, faoi réir an tábla seo a leanas:

Suim Bhliantúlaithe an Luacha Saothair	Laghdú
Suim ar bith suas le €80,000	5.5% ¹
Suim ar bith thar €80,000 ach gan a bheith thar €150,000	8%
Suim ar bith thar €150,000 ach gan a bheith thar €185,000	9%
Suim ar bith os cionn €185,000	10%

3.2 Beidh na laghduithe seo i bhfeidhm ar dhaoine a bhfuil a dtuarastail bhliantúla faoi láthair os cionn €65,000. Má ardaíonn tuarastal dhuine os cionn €65,000 (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) le linn an Chomhaontaithe, beidh na forálacha um laghdú pá thíos i bhfeidhm.

3.3 Ní thitfidh tuarastail faoi bhun €65,000 mar thoradh ar fheidhmiú an Achta.

3.4 Laghdófar scálaí tuarastail ag tosú os cionn €100,000 faoin gcéatadán cuí go buan bunaithe ar fheidhmiú na laghduithe in Alt 3.1 thuas.

3.5 Nuair atá duine fostaithe ar níos lú ná uaireanta iomlána, ansin ba chóir ríomh a dhéanamh chun a fheiceáil an bhfuil a dtuarastal coibhéiseach lánaimseartha (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá atá ina liúntais inphinsin seasta tréimhsiúla) níos mó ná €65,000. Sa chás go bhfuil a dtuarastal coibhéiseach lánaimseartha níos mó ná €65,000 ansin ba chóir na laghduithe a luaitear sa tábla thuas a chur i bhfeidhm ar a dtuarastal ar bhonn *pro-rata*.

3.6 Mar thagairt, tugtar scálaí tuarastail cuí, le feidhm ó 1 Iúil 2013, maidir le gráid a bhfuil a luach saothair le leasú, san áireamh san imlitir seo. Cuirtear na leasuithe ag eascairt faoi alt 3.1 i bhfeidhm ar an tuarastal mar atá ag 30 Meitheamh 2013 agus ar gach pointe de scálaí incriminteacha slánaithe don Euro is gaire. Mar sin féin, tá sé de fhreagracht ar gach fostóir a chinntiú go gcuirtear na laghduithe pá cearta i bhfeidhm ar na fostaithe uile a sáraíonn a luach saothair coibhéiseach lánaimseartha bliantúlaithe €65,000.

¹ Tá an laghdú 5.5% i bhfeidhm ar an tuarastal **ar fad** faoi €80,000, ní hamháin an chuid den tuarastal atá idir €65,000 agus €80,000.

4. Gluaiseacht Incriminteach:

4.1 Cuirfear gluaiseacht incriminteach ar fionraí ar feadh 3 bliana ó 1 Iúil 2013 go dtí 30 Meitheamh 2016 do ghráid nach bhfuil clúdaithe ag Comhaontú Comhchoiteann a leasaíonn téarmaí na fionraí incrimintí agus atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i.e. Comhaontú Bhóthar Haddington.

5. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean – Leasú Ráta:

5.1 Laghdófar na rátaí don Asbhaint a Bhaineann le Pinsean sa ráta banda €15,000-€20,000 go dtí 2.5% ó 5% le feidhm ón 1 Eanáir 2014. Ón 1 Eanáir 2014, is iad seo a leanas na rátaí a bheidh ann don Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (*PRD*):

Bandáí agus Rátaí	
Faoi bhun €15,000	Díolmhaithe
€15,000 - €20,000	2.5%
€20,000 - €60,000	10.0%
Os cionn €60,000	10.5%

6. Pinsin:

6.1 Maidir le ball foirne a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin, déanfar a s(h)ochair aoisliúntais a ríomh trí thagairt do na scálaí pá atá i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh 2013.

6.2 Nuair a théann ball foirne ar scor ar an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin ar phinsean níos airde ná €32,500, beidh an pinsean sin faoi réir an Laghdaithe Pinsin Seirbhíse Poiblí (LPSP) mar a fhoráiltear dó san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 atá i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013 agus ina dhiaidh.

6.3 Is féidir eolas ar na forálacha LPSP san Acht 2013 a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: <http://per.gov.ie/faqs-on-haddington-road-agreement-2/>

7. Comhaontú Bhóthar Haddington:

Baineann fuilleach na himlitreach seo le forfheidhmiú Chomhaontú Bhóthar Haddington maidir le fostaithe i ngráid clúdaithe ag téarmaí an Chomhaontaithe.

7.1 Dóibh siúd ar thuarastail (lena n-áirítear liúntais i nádúr pá) os cionn €65,000 agus i ngrád áit nach sáraíonn an pointe tosaithe ar an scála tuarastail €100,000 faoi láthair, cuirfear an laghdú sa phá in alt 3.1 thuas ar ais chuig an ráta pá a bheadh acu, murach an laghdú pá, laistigh de 18 mí ar a mhéid i ndiaidh deireadh an Chomhaontaithe 3 bliana idir na páirtithe atá beartaithe le tosú le feidhm ó 1 Iúil 2013. Beidh dhá chéim chothrom san aiscur seo – an chéad ceann i ndiaidh 9 mí agus an dara ceann 9 mí ina dhiaidh sin.

8. Incrimintí agus bearta cothromaithe ábhartha:

8.1 Áit a bhfuil Comhaontú Comhchoiteann i bhfeidhm is féidir an chéad incrimint eile atá dlite ar 1 Iúil 2013 nó ina dhiaidh maidir le gráid atá clúdaithe ag an gComhaontú Comhchoiteann a íoc mar is gnách. Ina dhiaidh sin, beidh na socrúithe seo a leanas maidir le hincrimintí ina dhiaidh sin i bhfeidhm:

8.2 Don fhoireann ar thuarastail faoi bhun €35,000, beidh reo incriminte amháin trí mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don chéad incrimint eile a bheith íoctha, leis an incrimint ina dhiaidh sin á bronnadh i ndiaidh 15 mhí murab ionann agus 12.

8.3 Don fhoireann ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000, beidh dhá reo incriminte trí mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don chéad incrimint eile a bheith íoctha, leis an chéad dá incrimint eile á mbronnadh i ndiaidh 15 mhí murab ionann agus 12 mhí.

8.4 Don fhoireann ar thuarastail idir €65,000 agus €100,000, beidh dhá reo incriminte sé mhí i bhfeidhm. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm i ndiaidh don chéad incrimint eile a bheith íoctha, leis an chéad dá incrimint eile á mbronnadh i ndiaidh 18 mí murab ionann agus 12 mhí.

8.5 Don fhoireann ar thuarastail €100,000 agus níos mó agus áit a bhfuil pointe tosaithe an scála tuarastail níos lú ná €100,000 beidh na bearta incriminteacha a luaitear in 8.4 i bhfeidhm.

8.6 Cuirfear gluaiseacht incriminte ar fionraí ar feadh trí bliana le feidhm ó 1 Iúil 2013 don fhoireann ar scálaí tuarastail a thosaíonn os cionn €100,000.

8.7 Nuair a sháraíonn tuarastal an fhostaí €35,000 le linn an Chomhaontaithe, beidh dara reo incriminte trí mhí i bhfeidhm, faoi réir na socrúithe don fhoireann ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 mar a luaitear in alt 8.3 thuas.

8.8 Beidh socrúithe ar leith ann don fhoireann ar thuarastail idir €35,000 agus €65,000 atá ar uaspoinnte an scála incrimintigh nó a shroicheann uaspoinnte an scála i ndiaidh tréimhse incriminte 15 mhí. Cuirfear na socrúithe seo in iúl i litir ar leithligh

8.9 Má théann tuarastal an fhostaí os cionn €65,000 le linn an Chomhaontaithe, beidh na forálacha laghdaithe pá a luaitear in alt 3.1 i bhfeidhm.

9. Scálaí Tuarastail d'Iontrálaithe Nua:

9.1 D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an éagothroime idir na daoine sin a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí ó 2011 agus iad siúd a chuaigh isteach roimh an dáta sin, ba chóir scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe a ullmhú d'iontrálaithe ar an ngrád céanna chuig gach earnáil seirbhíse poiblí mar is gá chun na leasaithe ar scálaí tuarastail a tugadh isteach ag Cinneadh Rialtais in Eanáir 2011 a chur san áireamh. Tabharfaidh an Roinn fógra d'fhostóirí faoi na scálaí tuarastail incriminteacha leasaithe in am trátha.

10. Íocaíochtaí Préimhe:

10.1 Ní bheidh íocaíochtaí breacsholais nó aon íocaíochtaí coibhéiseacha iníoctha a thuilleadh.

11. Uaireanta Oibre Breise don Fhoireann seachas Múinteoirí agus CRSanna:

11.1 Maidir le foireann le seachtain oibre 35 uair an chloig nó níos lú in aghaidh na seachtaine (gan sosanna san áireamh) ardófar é seo go dtí 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine agus maidir le foireann a oibríonn níos mó ná 35 ach níos lú ná 39 uair an chloig in aghaidh na seachtaine (gan sosanna san áireamh) ardófar é seo go dtí seachtain 39 uair an chloig. Beidh socruithe *pro-rata* i bhfeidhm d'fhoireann phostroinnte agus pháirtaimseartha

11.2 Fanfaidh uaireanta oibre na foirne sin le glan-seachtain oibre 39 uair an chloig nó níos mó mar atá, ach beidh uair an chloig de ragobair a oibrítear ag an bhfoireann seo gach seachtain gan íocaíocht go dtí 31 Márta 2014. Beidh socruithe *pro-rata* i bhfeidhm d'fhoireann phostroinnte agus pháirtaimseartha.

11.3 Amscála d'fhorfheidhmiú: Cuirfear an chéad 2 uair agus 15 nóiméad in aghaidh an duine in aghaidh na seachtaine i bhfeidhm ó 1 Iúil 2013.

11.4 Cuirfear aon dliteanas a fhanann i bhfeidhm ó 1 Iúil 2015.

11.5 Déanfar uaireanta breise a oibreofar a úsáid, agus is féidir iad a chomhiomlánú, ar bhonn laethúil, seachtainiúil nó bliantúil i ndiaidh comhairliúcháin áitiúil, bunaithe ar na prionsabail comhaontaithe i ngach earnáil.

11.6 Comhoibríodh an fhoireann leis na leasuithe ar uainchláir atá riachtanach d'úsáid iomlán na n-uaireanta breise agus le leasuithe ar bith a thagann dá bharr.

11.7 Ba chóir roinnteoírí don ragobair a leasú chun na huaireanta oibre leasaithe seo a léiriú.

11.8 Ligfidh an bhainistíocht do dhaoine rogha a dhéanamh chun fanacht ar a n-uaireanta reatha ar feadh tréimhse, faoi réir leasaithe cuí sa phá. Críochnóidh an tréimhse seo ar 30 Meitheamh 2014 ar a dhéanaí ach amháin má aontaítear a mhalairt leis an mbainistíocht. Caithfear le huaireanta laghdaithe mar shocrú postroinnte agus beidh sé faoi réir ag na rialacha a rialaíonn Scéim Phostroinnte na hInstitiúide.

11.9 Do ghráid suas le Grád VII agus an grád sin san áireamh, agus coibhéisí beidh arduithe sna huaireanta oibre **teoranta do dhá uair an chloig agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine** faoi réir na nithe seo a leanas:

11.9.1 Beidh seachtain oibre íosta 35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i bhfeidhm. Beidh socruithe *pro-rata* i bhfeidhm d'fhoireann phostroinnte agus pháirtaimseartha.

11.9.2 Beidh an roinnteoir do ríomhanna ragoibre bunaithe ar 37 uair an chloig le feidhm ó 1 Iúil 2013 ach amháin nuair atá an roinnteoir do ríomhanna ragoibre níos airde cheana féin ná 37 uair an chloig agus sa chás sin is é an roinnteoir don ragobair a bheidh ann ná 39 uair an chloig le feidhm ó 1 Iúil 2013.

11.9.3 Ní bheidh ragobair iníoctha go dtí go n-oibreofar agus go sárófar 37 uair an chloig le feidhm ó 1 Iúil 2013.

Sampla Oibrithe:

Más Grád V nó a choibhéis tú atá ag obair 32.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine faoi láthair (gan sosanna san áireamh) agus má tá tú i nGrád atá faoi ionadaíocht ag Ceardchumann a d'aontaigh le Comhaontú Bhóthar Haddington ansin, le feidhm ó 1 Iúil 2013 ardaíonn d'uaireanta oibre go dtí 34 uair 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine (gan sosanna san áireamh). Le feidhm ó 1 Iúil 2015 ardaíonn d'uaireanta oibre arís go dtí 35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine (gan sosanna san áireamh). Má fhaigheann tú ardú céime ó Grád V go dtí Grád ar bith ar 1 Iúil 2013 nó ina dhiaidh ansin beidh seachtain oibre 37 uair an chloig (gan sosanna san áireamh) i bhfeidhm.

12. Earcaíocht agus Ardú Céime don Fhoireann seachas Múinteoirí agus CRSanna - Uaireanta Oibre Breise:

12.1 Le feidhm ó 1 Iúil 2013 beidh seachtain oibre chaighdeánach 37 uair an chloig (gan sosanna san áireamh) i bhfeidhm don fhoireann uile a earcófar nó a dtabharfar ardú céime dóibh chuig grád a oibríonn 35 uair an chloig nó níos lú faoi láthair (gan sosanna san áireamh). Socruithe *pro-rata* le bheith i bhfeidhm d'fhoireann phostroinnte agus pháirtaimseartha.

12.2 Le feidhm ó 1 Iúil 2013 beidh seachtain oibre chaighdeánach 39 uair an chloig (gan sosanna san áireamh) i bhfeidhm don fhoireann uile a earcófar nó a dtabharfar ardú céime dóibh chuig grád a oibríonn níos mó ná 35 uair an chloig ach níos lú ná 39 uair an chlog in aghaidh na seachtaine faoi láthair (gan sosanna san áireamh). Socruithe *pro-rata* le bheith i bhfeidhm d'fhoireann phostroinnte agus pháirtaimseartha.

12.3 Le feidhm ó 1 Iúil 2013, maidir leis an bhfoireann ar fad a earcófar nó a dtabharfar ardú céime dóibh chuig grád a oibríonn 39 uair an chloig nó níos mó in aghaidh an seachtaine faoi láthair (gan sosanna san áireamh) fanfaidh uaireanta oibre an ghráid sin mar atá faoi láthair ach fanfaidh uair an chloig ragoibre a oibreofar gach seachtain ag an bhfoireann sin gan íocaíocht go dtí 31 Márta 2014.

12.4 Tá na huairanta oibre thuasluaite i bhfeidhm freisin áit a bhfuil liúntas um ghníomhú ag leibhéal níos airde á fháil ag duine.

13. Ragobair (Féach freisin Cuid 11):

Le feidhm ó 1 Iúil 2013 is iad seo a leanas na socruithe ragoibre do na gráid sin atá clúdaithe ag Comhaontú Comhchoiteann:

13.1 Do thuarastail faoi bhun €35,000

Íocfar ragobair ag am go leith ar an gcéad phointe den scála cuí dóibh siúd ar thuarastail faoi bhun €35,000. Dá mba rud é, áfach, gurb é an toradh a bheadh air seo ná go n-íocfaí an ragobair níos lú ná am ag pointe ar bith ar an scála, ansin déanfar é a ríomh mar atá san fhoráil seo a leanas (13.2).

13.2 Do thuarastail ag €35,000 nó os a chionn

Íocfar ragobair ag an ráta am agus ceathrú ag pointe scála an duine aonair dóibh siúd ar thuarastail ag €35,000 nó os a chionn.

13.3 Ina theannta sin:

13.3.1 Déanfar roinnteoírí chun ragobair a ríomh a leasú chun uaireanta breise ar bith a bhfuil foráil ina leith sa Comhaontú a chur san áireamh.

13.3.2 Do na gráid sin a bhfuil seachtain oibre 39 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na seachtaine acu (gan sosanna san áireamh), beidh uair an chloig ragoibre a oibreofar gach seachtain gan íocaíocht go dtí 31 Márta 2014.

14. Socruithe Oibre Solúbtha (Fleisc-am):

14.1 Leanfaidh na socruithe Fleisc-ama reatha (SOS) i bhfeidhm faoi réir ag na leasuithe seo a leanas:

14.1.1 Leanfaidh SOS de bheith ar fáil don fhoireann ar fad suas le Grád VII nó a choibhéis áit a bhfuil sé ar fáil cheana.

14.1.2 Ní bheidh SOS i bhfeidhm don fhoireann ag grád coibhéiseach an Phríomhoifigigh Chúnta (POC) nó níos airde, ach amháin do na baill foirne a bhfuil an socrú seo acu cheana féin.

14.1.3 Níl aon athrú molta do théarmaí reatha na gComhaontaithe Fleisc-ama idir 1 Iúil 2013 agus 30 Meitheamh 2014 maidir le méid nó úsáid na n-uaireanta le tabhairt ar aghaidh.

14.1.4 Le feidhm ó 1 Iúil 2014, is é méid uasta na saoire fleisc-ama a cheadófar in aon tréimhse fleisc-ama ná lá amháin.

15. Comhroinnt oibre:

15.1 Tá forfheidhmiú agus oibriú na socruithe comhroinnte oibre de lánrogha na bainistíochta, a choinníonn an lánrogha leasú, laghdú agus/nó caighdeánú a dhéanamh ar réimse na bpatrún comhroinnte oibre atá ar fáil don fhoireann le haird ar riachtanais shainiúla ghnó a n-eagraíochta.

15.2 Níor chóir patrún comhroinnte oibre a cheadófar amach anseo a bheith níos lú ná 50% d'uaireanta oibre lánaimseartha. Is féidir le foireann atá faoi láthair ar phatrúin níos lú ná 50% an patrún oibre a choinneáil ar bhonn atá pearsanta don sealbhóir.

15.3 Déanfar socruithe comhroinnte oibre gach duine aonair a athbhreithniú go foirmiúil ar bhonn bliantúil (nó níos luaithe más gá). Áit nach bhfuil athbhreithniú dá leithéid déanta go fóill, ní mór athbhreithniú a chur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2013.

15.4 Dearbhaítear lánrogha na bainistíochta socruithe comhroinnte oibre dhuine aonair a leasú nó a athrú, ar fhógra cuí (3 mhí) a thabhairt. Is féidir leis an mbainistíocht, ar bhonn gnó réasúnta agus le fógra réasúnta, rochtain ar an scéim a dhiúltú, iarraidh ar dhuine a socruithe comhroinnte oibre a athrú, nó iarraidh ar dhuine obair lánaimseartha a atosú.

16. Scaipeachán:

16.1 Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den Imlitir seo do bhaill uilig an Choiste Gairmoideachais/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go dtairringítear aird na foirne ar fad seachas múinteoirí agus CRSanna atá i d'fhostaíocht, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na hImlitreach seo.

16.2 Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh na Roinne faoi <http://www.education.ie> .

Ba chóir téarmaí na himlitreach seo a choinneáil do chúiseanna iniúchta.

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin CGO
27 Meitheamh 2013

CGOanna / BOOanna

SCÁLAÍ PÁ DO PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH CATAGÓIRÍ I GO IV

**Catagóir an
Phríomhfheidhmeannaigh**

	1/1/10	1/7/13		
Catagóir I	€ 107,171	€100,597		
	€ 110,707	€103,850		
	€ 114,232	€107,094		
	€ 118,490	€111,010		
	€ 122,711	€114,895		
	€ 126,276	€118,174		
	€ 129,854	€121,466		
Catagóir II	€ 102,220	€96,042		
	€ 105,588	€99,141		
	€ 108,935	€102,220		
	€ 112,929	€105,895		
	€ 116,903	€109,550		
	€ 120,277	€112,655		
	€ 123,648	€115,756		
Catagóir III	€ 91,765	€86,424		
	€ 95,052	€89,447		
	€ 98,340	€92,473		
	€ 101,646	€95,514		
	€ 104,937	€98,542		
	€ 108,226	€101,568		
	€ 111,518	€104,596		
	€ 114,809	€107,624		
Catagóir IV	€ 89,409	€84,256		
	€ 92,845	€87,417		
	€ 96,275	€90,573		
	€ 99,714	€93,737		
	€ 103,139	€96,888		
	€ 106,585	€100,058		
	€ 109,981	€103,182		
	1/1/10	1/1/10	1/7/13	1/7/13
	Neamh RPP	RPP	Neamh RPP	RPP
Príomhfheidhmeannach CGO	€ 121,208	€ 127,588	€113,511	€119,381
BÁC / BOO BÁC	€ 126,621	€ 133,387	€118,491	€124,716

€ 132,687	€ 139,670	€124,072	€130,496
€ 138,655	€ 145,952	€129,563	€136,276

**Scálaí tuarastail do
Phríomhoifigigh agus do
Phríomhoifigigh Cúnta i
CGOanna / BOOanna**

	1/1/10	1/7/13
Príomhoifigeach	€ 81,730	€77,191
	€ 84,814	€80,029
	€ 87,897	€82,866
	€ 90,981	€85,702
	€ 94,066	€88,541
LSI 1	€ 96,941	€91,185
LSI 2	€ 99,918	€93,924
	1/1/10	1/7/13
Príomhoifigeach Cúnta	€ 66,811	€65,000
	€ 68,335	€65,000
	€ 69,862	€66,020
	€ 71,385	€67,459
	€ 72,912	€68,902
	€ 74,439	€70,345
	€ 76,322	€72,124
LSI 1	€ 78,573	€74,252
LSI 2	€ 80,828	€76,362

**CGO / BOO CHATHAIR
BHAILE ÁTHA CLIATH
RANNÓG COTHABHÁLA NA
BHFOIRGNEAMH**

	1/1/10	1/7/13
Oifigeach na bhFoirgneamh	€ 62,275	€ 62,275
	€ 64,218	€ 64,218
	€ 66,144	€ 65,000
	€ 68,038	€ 65,000
	€ 69,933	€ 66,086
	€ 71,823	€ 67,873
	€ 73,724	€ 69,669
	€ 76,115	€ 71,928
	€ 78,503	€ 74,186

**Scála Tuarastail d'Oifigigh Oideachais
CGOanna / BOOanna**

	1/1/10	01/07/2013
OIFIGEACH OIDEACHAIS	€ 67,526	€65,000
	€ 70,956	€67,053
	€ 74,370	€70,280
	€ 77,799	€73,520
	€ 81,221	€76,724
	€ 84,637	€79,866
	€ 88,632	€83,541
	€ 92,625	€87,215
	€ 96,620	€90,891
	€ 100,614	€94,564
	€ 104,607	€98,238

BORD SEIRBHÍSÍ ÓIGE CHATHAIR BHAILE
ÁTHA CLIATH

	<u>1/1/10</u>	<u>1/7/13</u>
Stiúrthóir	€ 74,784	€ 70,671
	€ 76,852	€ 72,625
	€ 79,320	€ 74,958
1ú L.S.I.(i ndiaidh 3 bl ar Uasphointe.)	€ 82,127	€ 77,557
2ú L.S.I.(i ndiaidh 6 bl ar Uasphointe.)	€ 84,935	€ 80,140
Ceannaire Oibríochtaí (Stiúrthóir Cúnta)	€ 68,557	€ 65,000
	€ 70,629	€ 66,744
	€ 72,706	€ 68,707
	€ 74,784	€ 70,671
1ú L.S.I.(i ndiaidh 3 bl ar Uasphointe.)	€ 77,431	€ 73,172
2ú L.S.I.(i ndiaidh 6 bl ar Uasphointe.)	€ 80,077	€ 75,671
	<u>1/1/10</u>	<u>1/7/13</u>
Oifigeach Forbartha	€ 58,763	€ 58,763
	€ 60,133	€ 60,133
	€ 61,492	€ 61,492

	€ 62,862	€ 62,862
	€ 64,226	€ 64,226
	€ 65,590	€ 65,000
	€ 66,915	€ 65,000
	€ 68,258	€ 65,000
1ú L.S.I.(i ndiaidh 3 bl ar Uasphointe.)	€ 70,449	€ 66,574
2ú L.S.I.(i ndiaidh 6 bl ar Uasphointe.)	€ 72,642	€ 68,647

	1/1/10	1/7/13
Oifigeach Aosoideachais	€ 49,366	€ 49,366
	€ 51,682	€ 51,682
	€ 53,999	€ 53,999
	€ 56,314	€ 56,314
	€ 58,629	€ 58,629
	€ 60,943	€ 60,943
	€ 63,261	€ 63,261
	€ 65,573	€ 65,000
	€ 67,824	€ 65,000
	€ 70,075	€ 66,221
	€ 72,329	€ 68,351
	€ 74,582	€ 70,480
	€ 77,962	€ 73,674

Scála Tuarastail - Síceolaithe CGOanna/BOOanna Chontae Bhaile Átha Cliath agus Chathair Bhaile Átha Cliath

	1/1/10	Earcaigh nua iar-1/1/11	1/7/13	Earcaigh nua iar-1/1/11 - rátaí le feidhm ó 1/7/13
Síceolaí	€ 56,786	€ 51,107	€ 56,786	€ 51,107
	€ 59,251	€ 53,326	€ 59,251	€ 53,326
	€ 61,697	€ 55,527	€ 61,697	€ 55,527
	€ 64,130	€ 57,717	€ 64,130	€ 57,717

		€ 67,142	€ 60,428	€ 65,000	€ 60,428
		€ 71,668	€ 64,501	€ 67,727	€ 64,501
		€ 75,760	€ 68,184	€ 71,593	€ 65,000
		€ 79,907	€ 71,916	€ 75,512	€ 67,961
		€ 83,276	€ 74,949	€ 78,614	€ 70,827
	LSI 1	€ 85,885	€ 77,297	€ 81,015	€ 73,046
	LSI 2	€ 88,496	€ 79,647	€ 83,417	€ 75,266
		1/1/10		1/7/13	
Síceolaí Sinsearach		€ 80,858		€ 76,389	
		€ 82,722		€ 78,105	
		€ 84,603		€ 79,834	
		€ 86,467		€ 81,550	
		€ 88,324		€ 83,258	
		€ 89,033		€ 83,911	
LSI 1		€ 91,819		€ 86,473	
LSI 2		€ 94,604		€ 89,036	